Post	**Feidhmeannach Margaíochta Corparáide (AOF)**
Conradh	**Lánaimseartha; Conradh Sainchuspóra (Clúdach Sosa Gairme)**
Grúpa Seirbhíse	**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Foireann Cumarsáide)**
Áit	**Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath (Is féidir iarratas a dhéanamh ar shocrú Hibrideach)**

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na ceathair phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Ceannaireacht a threorú agus a chothú
2. Torthaí a sheachadadh le réitigh a chuireann athrú I bhfeidhm
3. Infheistiú le haghaidh fás fadtéarmach
4. Ár gcomhshaol agus ár n-earnáil a chosaint

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM. Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Misean BIM
Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Forléargas ar an bhFoireann Cumarsáide:

Soláthraíonn an tAonad Cumarsáide straitéis chumarsáide fhairsing ar aon dul le tosaíochtaí Straitéiseacha BIM agus chun fís BIM a chur in iúl; Beimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann ar gach bealach is féidir, le hintinn agus le práinn, chun na hathruithe is gá chun a todhchaí inbhuanaithe a chinntiú a aithint agus a thiomáint.

Láimhseálann Aonad Cumarsáide BIM gach caidreamh meán don ghníomhaireacht, maoirsíonn agus idirbheartaíonn sé urraíocht, cuireann sé comhairle agus tacaíocht ar fáil don POF agus don Bhainistíocht Shinsearach, bainistíonn sé branda BIM, a shuíomh Gréasáin, a fhoilseacháin agus a fhógraíocht. Déanann sé maoirseacht freisin ar chumarsáid ghéarchéime don eagraíocht, ar straitéis Chumarsáide BIM agus oibríonn sé leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le deiseanna cumarsáide, seoltaí agus ábhair faisnéise don Aire.

Achoimre ar an Ról:

Is deis é seo do bhall foirne díograiseach cruthaitheach a bhfuil taithí agus scileanna láidre brandála agus margaíochta corparáide aige/aici chun dul i mbun oibre le hAonad Cumarsáide BIM, rud a chuideoidh le rannpháirtíocht a neartú i measc phríomhpháirtithe leasmhara BIM chomh maith le tionchar dearfach a imirt ar cháil chorparáide na Gníomhaireachta Stáit.

Beidh taithí shuntasach bhrandála agus dhearaidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi maidir le hábhar digiteach tarraingteach ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a léiriú agus maidir le feachtais a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhealach straitéiseach chun feabhas a chur ar chumas BIM na príomhaidhmeanna straitéiseacha atá acu a chur in iúl (i.e. Treoraigh, Soláthair, Infheistigh, Cosain) don earnáil bia mara agus do pháirtithe leasmhara eile.

Cuidíonn an Feidhmeannach Margaíochta Corparáide, a thuariscíonn chuig an mBainisteoir Cumarsáide, le forbairt an láithreáin gréasáin, iniúchadh agus cur i bhfeidhm branda, foilseacháin, fógraíocht, pleanáil imeachtaí, margaíocht dhigiteach lena n-áirítear straitéis meán sóisialta BIM chomh maith le hurraíocht.

Beidh taithí shuntasach ag an iarrthóir idéalach ar obair ardchaighdeáin a chur ar fáil de réir spriocdhátaí chomh maith le scileanna láidre anailísíochta a bheith aige/aici le go mbeidh siad in ann súil a choinneáil ar fheidhmiú feachtais agus tuarascálacha measúnaithe a chur ar fáil.

Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí go hinbhuanaithe.

Tá BIM ag lorg Feidhmeannach Margaíochta Corparáide le dul i mbun oibre ina phríomhbhall den fhoireann cumarsáide lena chinntiú go gcuirfear cláir caidrimh phoiblí agus mhargaíochta BIM i gcrích go sásúil agus mar thacaíocht do chumais mhargaíochta BIM a fhorbairt.

Is éard is cuspóir le ról an Fheidhmeannaigh Margaíochta Corparáide ná tacaíocht a thabhairt don Bhainisteoir Cumarsáide i leith fhorbairt agus chur i bhfeidhm na straitéise cumarsáide. Tá sé de chuspóir leis freisin pleananna feachtais margaíochta agus brandála a phleanáil agus a chur i bhfeidhm do BIM i gcomhréir lena straitéis corparáide agus chun tomhas a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí margaíochta a rinneadh.

Príomhfhreagrachtaí:

- Cóipscríbhneoireacht, saineolas profála agus eagarthóireachta a chur ar fáil.
- Ábhar a chruthú agus a bhainistiú ar www.BIM.ie.
- Branda a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le treoirlínte branda BIM i gcónaí.
- A chinntiú go gcoinnítear caighdeáin bhrandála ar fud chainéil agus imeachtaí BIM.
- Foilseacháin agus ábhair bhrandáilte BIM a chruthú agus a bhainistiú.
- Cuidiú le straitéis ceannaigh meán cumarsáide agus fógraíochta BIM a chur i bhfeidhm.
- Tacaíocht bhreise a chur ar fáil ar feadh BIM nó imeachtaí tionscail, lena n-áirítear pleanáil agus cuir i gcrích.
- Cuidiú le measúnú a dhéanamh ar fheachtais in aghaidh príomhtháscairí feidhmíochta agus le moltaí a dhéanamh d'fheachtais amach anseo.
- A chinntiú go mbainfear feidhm as rialachas corparáideach i ngach gníomhaíocht.
- Ábhar fótagrafach BIM agus ábhar BIM a ndearnadh scannánú air a bhainistiú.
- Oibriú i gcomhar leis an bhfoireann cumarsáide agus le comhghleacaithe eile in BIM agus páirtithe leasmhara seachtracha d'fhonn íomhá phoiblí aontaithe a chinntiú don ghníomhaireacht.
- A chinntiú go gcloífear le treoirlínte agus caighdeáin BIM, le treoirlínte agus caighdeáin an Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) agus le treoirlínte agus caighdeáin bhranda ábhartha eile i gcónaí ar fud chainéil BIM.
- Tuarascálacha measúnaithe míosúla a chur i dtoll a chéile do bim.ie in aghaidh príomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear moltaí le haghaidh forbartha.
- Freagrach as teimpléid chumarsáide BIM a uasdátú agus/nó a fhorbairt, lena n-áirítear treoirlínte branda agus lógónna a bhainistiú.
- Tacú leis an bhFoireann Cumarsáide agus le foirne eile BIM de réir mar is gá.

- Caidreamh gnó le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara a fhorbairt agus straitéis chumarsáide BIM a chur i bhfeidhm.
- Réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí a bhainistiú i gcomhthráth agus a chinntiú go mbainfear na spriocdhátaí amach.
- Branda a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le treoirlínte branda BIM i gcónaí.
- A chinntiú go gcoinneofar caighdeáin agus go bhforbrófar iad i soláthar imeachtaí a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go héifeachtach agus ar fud chumarsáid BIM.
- Caidrimh gníomhaireachtaí tríú páirtithe a bhainistiú lena n-áirítear an chruthaitheacht, na meáin agus closcamharc.
- A chinntiú go mbainfear feidhm as rialachas corparáideach i ngach gníomhaíocht.

Eile:

- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Líne: An Bainisteoir Cumarsáide.

Stiúrthóir: Stiúrthóir na Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta.

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM
An Stiúrthóir Forbartha agus Nuálaíochta, An Bainisteoir Cumarsáide, Oifigeach Cumarsáide & Poiblíochta EMFAF, An Fhoireann Cumarsáide i gcoitinne, An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, An Fhoireann Seirbhísí Infheistíochta, Foireann BIM atá freagrach as deontais EMFAF.

Lasmuigh de BIM
Cliaint, na meáin chumarsáide, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Oiliúint
Níl aon oiliúint éigeantach de dhíth. Déanfar riachtanais oiliúna a shainaithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

- Taithí 3 bliana ar a laghad de bheith ag obair i rannóg cumarsáide agus margaíochta corparáide a ghluaiseann go tapa, agus mar chuid d'fhoireann agus bainistiú tionscadail a dhéanamh ar réimse tionscadal cumarsáide agus margaíochta straitéisí.
- Taithí ar ábhair bhrandáilte a chur ar fáil ar fud cainéil phriontála agus ar líne.
- Sárscileanna sa dearadh grafach lena n-áirítear taithí ar uirlisí eagarthóireachta a úsáid.
- Tosaíochtaí a shocrú go cruinn lena léirítear an tábhacht ghaolmhar a bhaineann le freagrachtaí poist.

- Cumas obair a dhéanamh go neamhspleách agus tascanna a thabhairt chun críche lena chinntiú go mbeidh an obair curtha ar fáil agus críochnaithe go tráthúil.

Riachtanach:

- Taithí roimhe seo i ról cumarsáide a bhí cosúil leis an gceann seo.
- Céim 3ú leibhéal i réimse ábhair ábhartha.
- Taithí roimhe seo mar ambasadóir/caomhnóir branda d'eagraíocht chun ailíniú ar bhrandáil agus teachtaireachtaí a chur ar fud gach pointe teagmhála a chinntiú Taithí ar obair ardchaighdeáin a chur ar fáil de réir spriocdhátaí.
- Taithí chruthaithe ar eolas a thógáil isteach go tapa ó réimse foinsí agus aird mhór a thabhairt ar mhionsonraí.
- Taithí ar fhaisnéis a thabhairt do ghníomhaireachtaí tríú páirtithe le spriocanna soiléire leagtha amach, intomhaiste agus próisis athbhreithnithe.
- Sárscileanna sa dearadh grafach lena n-áirítear taithí ar Adobe nó a chomhionann a úsáid.
- A bheith ina cheannasaí Cumarsáide Margaíochta d'imeachtaí BIM ar leith, do thaispeántais agus do sheimineáir ghréasáin mar a sannadh.
- Sárscileanna scríbhneoireachta, cumarsáide agus cuir i láthair agus fíorinniúil i ndáil le cóipscríbhneoireacht, eagarthóireacht agus profléitheoireacht.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus an cumas caidrimh ghairmiúla éifeachtúla a chothú.
- Ardleibhéal litearthachta ríomhairí lena n-áirítear pacáistí bogearraí caighdeánacha Microsoft Office a úsáid, bogearraí bainistithe gréasáin agus ábhair chomh maith le huirlisí meán sóisialta.
- Ábalta oibriú gan mhaoirseacht, dírithe ar réitigh a fháil agus cumas maith treallúis agus réitigh fadhbanna.
- Bainistiú buiséid.

Inmhianaithe:

- Bheadh buntáiste ag an té a bhfuil céim 3ú leibhéal aige/aici i gCumarsáid, san Iriseoireacht nó i réimse ghaolmhar.
- Taithí roimhe seo i gcumarsáid i dtimpeallacht earnála poiblí.
- Líofacht sa Ghaeilge.
- Láncheadúnas tiomána agus úinéir cairr.
- Taithí ar WordPress mar chóras bainistithe ábhair.
- Eolas ar phrionsabail Taithí Úsáideora chun straitéisí cumarsáide digití a fhorbairt.

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna láidre idirphearsanta cumarsáide; cur chuige stuama comhoibríoch agus an cumas caidrimh a fhorbairt agus a choinneáil le páirtithe leasmhara.
- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tionscadail/gníomhaíochtaí iomadúla a bhainistiú.

- An cumas a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Pointeáilteacht.
- Scileanna láidre anailíse agus cinnteoireachta a léiriú, dírithe ar réitigh a fháil.
- Luach ar fheabhas leanúnach agus foghlaim don eagraíocht, d'fhoireann na heagraíochta agus dóibh féin.
- Cumas faoi bheith ag comhoibriú le réimse grúpaí páirtithe leasmhara lena n-áirítear réimsí gnó, eolaíochta agus teicniúla.

Tuarastal:

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí do AOF, le réimse tuarastail €53,995 to €67,951 (amhail an 1 Márta 2023) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Conradh Sainchuspóra (Clúdach Sosa Gairme). Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí.

An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 3 Iúil 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hIarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara